AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.11.2024
C(2024) 7881 final

# CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN

**an 18.11.2024**

**maidir le cláir shimplí a roghnú chun táirgí talmhaíochta a chur chun cinn le haghaidh na bliana 2024 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is iad na téacsanna Béarla, Bulgáirise, Fionlainnise, Fraincise, Gaeilge, Gearmáinise, Gréigise, Iodáilise, Laitvis, Liotuáinis, Ollainnise, Polainnise, Rómáinise, Seicise, Spáinnise agus Sualainnise amháin atá barántúil)

**CINNEADH CUR CHUN FEIDHME ÓN gCOIMISIÚN**

**an 18.11.2024**

**maidir le cláir shimplí a roghnú chun táirgí talmhaíochta a chur chun cinn le haghaidh na bliana 2024 faoi Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle**

(Is iad na téacsanna Béarla, Bulgáirise, Fionlainnise, Fraincise, Gaeilge, Gearmáinise, Gréigise, Iodáilise, Laitvis, Liotuáinis, Ollainnise, Polainnise, Rómáinise, Seicise, Spáinnise agus Sualainnise amháin atá barántúil)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Deireadh Fómhair 2014 maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 3/2008 ón gComhairle[1] agus go háirithe Airteagal 11(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Tar éis fhoilsiú an ghlao ar thograí le haghaidh cláir shimplí ar an tairseach ‘um Dheiseanna Cistiúcháin agus Tairisceana’[2], cuireadh 130 togra isteach.

(2) Cuireadh de chúram ar an nGníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde meastóireacht a dhéanamh ar na tograí le haghaidh cláir shimplí i gcomhréir leis na critéir a leagtar síos sa ghlao sin. Chuige sin, bunaíodh coiste meastóireachta laistigh den Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Thaighde.

(3) Bunaíodh liosta rangaithe ar leith le haghaidh gach topaic tosaíochta a leagtar síos sa ghlao.

(4) I bhfianaise an bhuiséid atá ar fáil, ba cheart ranníocaíocht airgeadais an Aontais a dheonú don 58 dtogra is airde rangú.

(5) Ba cheart 30 togra a roghnú lena gcur ar liosta ionadaithe na dtograí, ar tograí iad nach bhfuil i measc na dtograí is airde rangú ach a bhaineann amach na híostairseacha a leagtar síos sa ghlao ar thograí. Dá mbeadh aon leithreasú ar fáil, ba cheart ranníocaíocht airgeadais an Aontais a dheonú do na tograí sin de réir an oird rangaithe shocraithe, gan an dara cinneadh cur chun feidhme a ghlacadh. An tráth céanna, ba cheart a mheas go ndiúltófar do na cláir nach roghnaítear mar sin ón liosta ionadaithe.

(6) Níor éirigh le 25 thogra na tairseacha a leagtar síos sa ghlao ar thograí a bhaint amach, theip ar 9 dtogra na critéir incháilitheachta a chomhlíonadh agus ní raibh 8 togra inghlactha. Dá bhrí sin, ba cheart diúltú do na 42 thogra sin.

---

1 IO L 317, 4.11.2014, lch. 56, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2014/1144/oj.

2 Promotion of Agricultural Products (AGRIP SIMPLE), Call for proposals AGRIP-SIMPLE-2024, [Táirgí Talmhaíochta a Chur Chun Cinn (AGRIP SIMPLE), Glao ar thograí AGRIP-SIMPLE-2022,], Leagan 1.0, an 18 Eanáir 2024 Search Funding & Tenders (europa.eu).

(7) I bhfianaise mholtaí an choiste meastóireachta, na hiarratasóirí a chuir isteach cláir áirithe a roghnaíodh agus na hiarratasóirí a chuir tograí áirithe isteach a áirítear sa liosta ionadaithe, ba cheart iarraidh a gcláir a choigeartú, i gcomhréir le hAirteagal 200(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[3]. Ba cheart uasmhéid ranníocaíocht airgeadais an Aontais leis na cláir a roghnaíodh a bhunú gan beann ar cé acu a ghlacann nó nach nglacann na hiarratasóirí leis na coigeartuithe.

(8) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Chinneadh seo i gcomhréir le tuairim an Choiste um Chomheagrú na Margaí Talmhaíochta,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

1. Na cláir a bhaineann le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn le haghaidh táirgí talmhaíochta a liostaítear in Iarscríbhinn I, roghnaítear iad le haghaidh ranníocaíocht airgeadais an Aontais.

2. Leagtar amach uasmhéideanna ranníocaíocht airgeadais an Aontais do thréimhse chur chun feidhme na gclár in Iarscríbhinn I.

*Airteagal 2*

1. Is éard a bheidh sa liosta ionadaithe na tograí a liostaítear in Iarscríbhinn II.

2. I gcás nár shínigh iarratasóirí na gclár a roghnaíodh a liostaítear in Iarscríbhinn I an comhaontú deontais laistigh de 90 lá ón bhfógra faoin gCinneadh seo, mar a cheanglaítear le hAirteagal 10(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1831 ón gCoimisiún[4], agus nár cuireadh aon iarraidh ar údarú chun iad a shíniú tar éis an sprioc-ama sin faoi bhráid an Choimisiúin, tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi sin laistigh de 10 lá tar éis dhul in éag an sprioc-ama sin.

3. I bhfianaise an bhuiséid atá ar fáil, tar éis fógra a fháil ó na Ballstáit dá dtagraítear i mír 2, meastar gur roghnaíodh na tograí is airde rangú ón liosta ionadaithe, suas leis an méid buiséadach atá ar fáil.

4. Tabharfaidh an Coimisiún fógra do na Ballstáit maidir leis na tograí a roghnófar ón liosta ionadaithe, laistigh de 20 lá ó na Ballstáit fógra a thabhairt dá dtagraítear i mír 2. Measfar gur fógra é sin faoi Airteagal 10(3) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2015/1831.

5. Diúltaítear do na tograí nár roghnaíodh ón liosta ionadaithe mar a leagtar amach in Iarscríbhinn II.

---

[3] Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Iúil 2018 maidir leis na rialacha airgeadais is infheidhme maidir le buiséad ginearálta an Aontais, lena leasaítear Rialacháin (AE) Uimh. 1296/2013, (AE) Uimh. 1301/2013, (AE) Uimh. 1303/2013, (AE) Uimh. 1304/2013, (AE) Uimh. 1309/2013, (AE) Uimh. 1316/2013, (AE) Uimh. 223/2014, (AE) Uimh. 283/2014, agus Cinneadh Uimh. 541/2014/AE agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE, Euratom) Uimh. 966/2012 (IO L 193, 30.7.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2018/1046/oj).

[4] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 2015/1831 ón gCoimisiún an 7 Deireadh Fómhair 2015 lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Rialachán (AE) Uimh. 1144/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le bearta um sholáthar faisnéise agus bearta cur chun cinn a bhaineann le táirgí talmhaíochta a chuirtear chun feidhme sa mhargadh inmheánach agus i dtríú tíortha (IO L 266, 13.10.2015, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2015/1831/oj).

*Airteagal 3*

Diúltaítear do na cláir a liostaítear in Iarscríbhinn III.

*Airteagal 4*

Na coigeartuithe atá le déanamh ar na cláir a roghnaíodh dá dtagraítear in Airteagal 1 agus ar na tograí a roghnaíodh ón liosta ionadaithe dá dtagraítear in Airteagal 2(3), liostaítear iad in Iarscríbhinní IV agus V, faoi seach.

*Airteagal 5*

Is chuig Poblacht na Bulgáire, Poblacht na Seice, Poblacht Chónaidhme na Gearmáine, Éire, an Phoblacht Heilléanach, Ríocht na Spáinne, Poblacht na Fraince, Poblacht na hIodáile, Poblacht na Laitvia, Poblacht na Liotuáine, Ríocht na hÍsiltíre, Poblacht na Polainne, an Rómáin, Poblacht na Fionlainne agus Ríocht na Sualainne a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 18.11.2024

*Thar ceann an Choimisiúin*
*Janusz WOJCIECHOWSKI*
*Comhalta den Choimisiún*

CÓIP DHEIMHNITHE
Thar ceann an Ard-Rúnaí

**Martine DEPREZ**
**Stiúrthóir**
**Cinnteoireacht agus Coláisteacht**
An Coimisiún Eorpach